

## 1ú Aibreán Domhnach Cásca

### Réamhrá/Intro

Tá Íosa ár dTiarna aiséirithe ó na mairbh! Bíodh áthas agus gliondar croí orainn. Ceiliúraimís ar neamh agus ar talamh! Tá deireadh leis an mbás, leis an olc, leis an bpeaca! Alleluia!

### Smaoineamh – Aifreann na Maidine (Eoin 20:1-9)

Is sinne Pobal Dé, clann Dé, deartháracha agus deirfiúracha. Táimid tar éis an Carghas a chaitheamh ag urnaí, ag staonadh, ag déanamh déirce. Táimid tar-éis Turas na Croise a thaisteal in éineacht le hÍosa. Táimid tar éis an Suipéar Deireannach a chaitheamh agus É inár measc, ach inniú le háthas gan teorainn ceiliúraimid ceartlár ár gcreideamh, ár ndóchas, agus ár ngrá. Tá sé fíor! Tá sé fíor! Tá Íosa ár dTiarna aiséirithe ó mhairbh, agus ár sean namhaid, an bás, a scrios. Moladh, buíochas, adhradh, agus glóir do Dhia, an tAthair, an Mac, agus an Spiorad Naomh.

Is é seo an céad lá den tseachtain. Is é seo an lá a cheiliúraimid an céad lá dar slánú agus mairfidh sé go brách. Tá aistriú tagtha ar ár saol nach féidir a chasadh ar chúil. Tá an tuama folamh agus Íosa imithe romhainn go larúsailéim. Tá na línéadaí caite ar leatthaobh agus an bás scriosta. Téimis isteach sa tuama le Peadar agus le hEoin Bruinneal, agus creidmis. Alleluia!

Is sinne clann Mac Dé, an Slí, an Fhírinne, agus an Bheatha. Ná géillimis don bhás a choíche. Mairimis as seo amach ins an Bheatha úrnua! Alleluia!

### Guí an Phobail

A Dhia, Athair na Glóire, tabhair cluas dár bpaidreacha, ar an lá seo lán ded' ghrásta, agus dáil orainn inniu, do mhaitheasaí gan teorainn.

1. Líon croí ár bPápa Proinsias le háthas agus é ag cur do bheannacht ar cheithre harda an domhain. A Thiarna, éist linn.
2. Dáil do ghrá ar Chríostaithe i ngach aon áit go scaipfidh siad an fíorchreideamh go forleathan ar an domhain uile. A Thiarna, éist linn.

3. D'aiséirigh do Mhac Íosa ag léiriú gur treise ba mhó a bhás agus a bheatha síoraí ná an daonnacht. Go dtuga an tír seo aitheantas ceart duit agus do theactaireacht do Mhac inár dlithe agus inár saol. A Thiarna, éist linn.
4. Go mairimis mar chlann ionúin lena chéile, le creideamh, dóchas, agus grá dár gcomharsan idir óg agus aosta. A Thiarna, éist linn.
5. Tabhair suaimhneas síoraí dóibh siúd atá imithe romhainn ar shlí na fírinne. Fáiltigh rompu isteach i solas do ghlóire. A Thiarna, éist linn.

Thánaigh na mná le freastal ar Íosa tar éis a bháis. Trí idirghuí na Maighdine Muire iarraidimid ort, a Dhia, ár n-intinní a shásamh, trí Chríost, do Mhac, Íosa Críost. Áiméan.

### Ár nAthair Intro

Dírims ár n-intinn ar Dhia, ár nAthair, agus muid ag súil le haiséirí glórmhar.

### Focal Scoir

'D'éirigh Críost ó mhairbh Trína bhás rug bua ar an bhás Do na mairbh thug beatha arís.'

LIOTÚIRGE BÍOSÁNTACH, TROPAIRE NA CASCA

\*\*\*

## 8ú Aibreán – An Dara Domhnach den Cháisc

### Réamhrá

Tá rian na dtarnaí inár bpeacaí ach tá síocháin ar fáil ó Spiorad Dé. Ná bi dichreidmheach ach creidmheach! ... Mo Thiarna agus mo Dhia!

### Smaoineamh

Tá dóirse ár gcroí dúnta le heagla, lenár bpeacaí, le dichreideamh, le rian na dtarnaí, le h-uamhan Aoine an Chéasta. Ach tá leigheas ar an eagla, ar an olc, ar an bpeaca. Seasann Íosa, Mac Dé, Mac an Athar, inár measc agus deireann sé go lách linn 'Síocháin daoibh!' Maitheann Sé ár bpeacaí dúinn le grá síoraí. Leigheasann Sé muid le trócaire, le saoirse ón bpeaca. Briseann sé an glas den doras dúnta, den chroí cruá. Scaoileann Sé saor sinn ón mbás agus ón ainnise. Oscail doras do chroí agus lig isteach Íosa, Rí an Domhnaigh, Rí na

Cruinne. Is méanar dúinn a Chríostaithe a chreideann gurb É Íosa an Críost. Ocht lá atá imithe ó aiséirí Íosa ó na mairbh. Tabhair i Leith do mhéar agus féach a dhearnana, sín amach do lámh agus cuir ina chliathán í, abair le do chroí iomlán 'Mo Thiarna! Mo Dhia!' Creid!

### Guí an Phobail

A Dhia na glóire Tabhair misneach dúinn lenár n-urnaithe agus muid ag brath ar do thrócaire.

1. Tabhair do shíocháin don domhain uile, don eaglais, agus dúinn go léir. A Thiarna, éist linn.
2. Dár bPápa Proinsias agus dár neaspaig go nglacfaidh said go bríomhar le teachtaireacht do ghrá. A Thiarna, éist linn.
3. Dóibh siúd atá ag fulaingt faoi bhrú na héagóra agus an pheaca, go dtuga siad aird ar mhaithiúnas an Spioraid Naoimh. A Thiarna, éist linn.
4. Go n-athneoidh gach duine ar neamh agus ar talamh gur tusa ár dTiarna agus ár nDia. A Thiarna, éist linn.
5. Go dtuga pobal an domhain ómós do bhronntanas na beatha. Líon gach croí le beatha nua an aiséirí. A Thiarna, éist linn.
6. Tabhair suaimhneas síoraí dár muintir ata imithe ar shlí na fírinne. A Thiarna, éist linn.

Éist go lách le urnaithe d'eaglaise, a Thiarna agus bronn orainn do ghrástaí, trí Íosa Críost, do Mhac, ár dTiarna Aiméan.

### Intro Ár nAthair

Glacaimís leis an Spiorad Naomh agus guimís chun an Athar faoi mar a mhúin ár Slánitheoir dúinn.

### Focal Scoir

A Thiarna Dia, beir uaim gach rud a choinníonn uaitse mé A Thiarna Dia, tabhair dom gach rud a threoraíonn chugatsa mé A Thiarna Dia, scar liom féin mé, ionas go mba leatsa mé go hiomlán.

\*\*\*

## 15ú Aibreán An Tríú Domhnach den Cháisc

### Réamhrá

Thaispeáin Íosa É féin do na deisceabail tar-éis dó aiséirí ó na mairbh. D'oscail sé a n-aighe go dtuigfidís na scríoptúir. Osclaímis anois ár n-aighe agus ár gcroí le fáilte a chur roimh Íosa san Aifreann.

### Smaoineamh

D'aiséirigh Íosa ó na mairbh trí lá tar-éis dó bás a fháil ar an gcros. Déanann an Eaglais séasúr iomlán na Cásca a cheiliúradh mar aon lá amháin. Séasúr sé seachtaine ag ceiliúradh na rúndiamhara a thárla Domhnach na Cásca. Bhí scéin agus uamhan ar a chairde. Shíl siad gur taibhse a bhí ann. Chonaic said a lámha, agus a chosa agus rian na dtarnaí ach fós bhuail scanradh iad. Bhí sé dian orthu samhlú gurbh é Íosa a bhí ina measc agus é aiséirithe ó mhairbh. Le scanradh a bhaint díofa ghlac sé blúire d'iasc agus d'ith ina láthair é. Nuair a thuig said gurbh é a bhí ann dáiríre d'oscail sé a n-aighe go dtuigfeadh siad na scríoptúir agus a raibh scríobhtha ina leith. Rinne sé finnétithe don aiséirí díofa, ag fógairt aithrí agus maithiúnas peacaí ina ainm do na náisiúin uile.

Bronnann Íosa agus an Eaglais saol na Cásca orainn a lá a baistítear sinn. Is finnétithe muidine don Soiscéal, don aithrí agus do mhaithiúnas peacaí. Ag an Aifreann aithníonn muid Íosa i mbriseadh an aráin. Osclaímis ár súile, scaoilimis dinn an scanradh, tuigimis go bhfuil Íosa Críost féin inár measc, ina chorp agus a chuid fola, i mbriathra beannaithe na scríoptúir, agus ina phobal, an Eaglais.

### Guí an Phobail

Thug Dia Abrahám, agus Dia Ísác, agus Dia Iacób, agus Dia ár n-aithreacha, glór dá Mhac Íosa. Iarraimid anois ar Dhia a ghlór a nochtheadh trí éisteacht le achnaithe a phobail.

1. Ar son ár bPápa Proinsias, ár neaspaid, agus gach duine a thugann cabhair dúinn, go n-osclaí siad ár n-aighe chun an Tiarna, trína ndea-oibreacha, a ndea-sampla, agus a ndea-comhairle. A Thiarna, éist linn.
2. Go dtuga Dia misneach dúinn go léir, gan scanradh a bheith orainn, agus É inár measc. A Thiarna, éist linn.
3. Dóibh siúd atá ag fulaingt faoi láthair, na h-easláin, imircigh, daoine gan dídean, na bochtáin, peacaigh, go bhfaighe siad cabhair agus solás dinn agus muid ag tabhairt fianaise don aiséirí. A Thiarna, éist linn.

4. Go dtuga deisceabail Íosa aird ar a bhriathra agus go leana siad a dea-chomhairle le glór a thabhairt dó. A Thiarna, éist linn.
5. Dár dtír dhúchais, go gcoinní sí dílis don chreideamh, d'Íosa Críost, don Mhaighdean Bheannaithe, Muire, agus do bhronntannas na beatha. A Thiarna, éist linn.

A Dhia na glóire cuirimid ár ndóchas ionat go mbronnfaidh tú ár n-achanithe orainn trí Íosa Críost, do Mhac, ár dTiarna. Áiméan.

### Intro Ár nAthair

Tabhair dúinn a Athair ár n-arán laethúil agus maith dúinn ár bpeacaí agus muid ag guí faoi mar a mhúin do mhac Íosa dúinn a dhéanamh.

### Focal Scoir

An t-arán ar den talamh é, nuair a ghairtear Dia anuas air, ní gnáth arán níos mó atá ann ach an Eocairist. Tá an dá ghné uirthi sin, gné thalamhaí agus gné neamhai, agus mar an gcéanna, ár gcoirp atá páirteach san Eocairist, ní somhille dóibh níos mó, mar go bhfuil dóchas an aiséirí acu.

NAOMH IRENAEUS

\*\*\*

## 22ú Aibreán Ceathrú Domhnach den Cháisc

### Réamhrá

Thóg Dia a Mhac, Íosa Críost, ó mhairbh agus rinne dín clann Dé. Táimid anseo inniu faoi chúram an Aoire Mhaith ag brath ar a ghrá dúinn.

### Smaoineamh

Nach breá an tráth seo den bhlian! An tEarrach, na laetha ag dul i méid, an dorchadas ag cúlú, an cré agus an tír ag teú suas, an féar úr ag fás, na caoirigh ag léimt sna goirt, agus Íosa, an tAoire Maith aiséirithe ó mhairbh.

Thug Íosa a bheatha ar an gcros, ar ár son, mar gur fíor aoire é. Sheas sé ar son na fírinne agus an ghrá in éadan an oilc bhréagaigh. Níor theith sé, mar go bhfuil fíorghrá aige dúinn. Aithníonn sé gach caora sa tréad, mar sin aithníonn muid an fíor aoire.

Inniu an Domhnach a dhéanann an Eaglais machnamh ar an ghairm a thugann Dia do gach duine. Is cuma an duine a bheith pósta nó gan pósadh, óg nó sean, saibhir nó daibhir, tuismitheoir nó duine aonarach, sagart nó bean rialta,

tá gairm tugtha ag Dia do gach uile dhuine nach féidir le h-aon duine eile í a chomhlíonadh.

Is fearr i gcónaí obair ná caint. Cén cineál freagra a thugaim do chuireadh Íosa? An bhfuil mé fial flaithiúil le mo chuid ama, le mo chairdeas, le mo chroí. Tá Íosa lán de ghrá domsa. An bhfuil mise leath chomh flaithiúil le mo fhreagra? Cén bealach a bhfuil an tAoire Maith ag iarraidh orm taisteal?

### Guí an Phobail

A Dhia, ár nAthair, léirigh tú do ghrá dúinn nuair a sheol tú chugainn do Mhac Íosa Críost, an tAoire Maith. Éist anois lenár bpaidreacha a sheolann muidine chugat ar an Domhnach speisialta seo.

1. Is é an Pápa Proinsias bhíocaire Íosa Críost ar talamh. Cuidigh leis tréad na hEaglaise a threorú san fhírinne ar a h-oilithreacht ar neamh. A Thiarna, éist linn.
2. Aithníonn an tAoire Maith a thréad. Tabhair grásta agus flaithiúlacht do gach duine a ghairm a aithint agus freagra fial a thabhairt duit lena shaol. A Thiarna, éist linn.
3. Guimis ar son na caoirigh atá imithe amú go bhfille siad go luath chun sábháilteacht an Aoire Mhaith. Caomhnaigh ionainn omós do bhronntanas na beatha. A Thiarna, éist linn.
4. Ar son Críostaithe uile an domhain go dtiocfaidh siad le chéile mar aon tréad amháin faoi chúram Mac Dé. A Thiarna, éist linn.
5. Amhail Muire, Máthair do Mhac, cuidigh linn, freagra dearfach a thabhairt do Dhia i ngach gné dár saol. A Thiarna, éist linn.

A Athair grámhar is sinne do thréad. Coiméad sábhailte an Eaglais a bhunaigh tú trí Íosa Críost do Mhac, ár dTiarna, Íosa Críost. Áiméan.

### Intro Ár nAthair

Le heagna an Spioraid Naoimh agus le sampla Íosa aithníonn muid tú mar Athair grámhar agus muid ag guí.

### Focal Scoir

A Dhia is tú mo chara. Nuair a bhím uaigneach bíonn tú ann. Nuair a bhím fuar téann tú mé, nuair a bhím cailte treoraíonn tú mé, nuair a bhíonn sé dorch, tugann tú solas dom.

Paidreacha na Gaeilge Eagraithe  
ag Donla Uí Bhraonáin

\*\*\*

## 29ú Aibreán An Cúigiú Domhnach den Cháisc

**Réamhrá** Mise an fhíúin fhíor, sibhse na géaga. An té a fhanann, ionamsa agus mise ann, tugann seisean toradh mór uaidh. Tá Íosa, an fhíúin fíor anseo inár measc, agus muid ag brath go hiomlán ar a ghrá.

### Smaoineamh

Is iontach an planda an fhíúin. Caithfear an-chuid ama a chaitheamh á bharradh agus á choinneáil i gceart. Ach má thugtar cúram ceart dó tugann sé toradh fíúntach don té a amharcann ina dhiaidh. Má chaitheann tú seal ama ag breathnú ar an duine a thugann cúram don fhíúin cuireann sé iontas ort cé chomh foighdeach agus chomh díograiseach is atá sé. Caithfear gach rud a dhéanamh le cúram is le grá fiú. I ndeireadh an lae fásann crann agus géaga a leathann amach go fairsing ach iad bearrtha go cruinn amhail obair ealáionta. Is iontach an rúndiamhair í an dóigh a oibríonn an saothraí agus an nádúr le chéile chun fíniúna a chruthú mar thoradh.

Is iontach an duine É Íosa Críost, an fhíúin fhíor agus a Athair an saothraí. Is iontach an rúndiamhair í gur féidir leis cónaí ionainn agus torthaí foirfe a chur i gcrích inár saol féin. Is é Íosa an fhíúin agus is muidine na géaga. Ní thiocfaidh toradh foirfe uainn gan Íosa a chónaí ionainn. Tugaimis glóir do Dhia trí thoradh mór a dhéanamh dár saol.

### Guí an Phobail

A Dhia, ár nAthair, is tú an saothraí agus Íosa an fhíúin. Cuidigh linn inár saol dea thoradh a fhógairt agus tabhair aird go ceansa ar ár bpaidreacha.

1. Dáil anuas an Spiorad Naomh ar an Eaglais agus go háirithe ar ár bPapa, Proinsias, agus ar na h-easpaig, go gcenglaí siad sinn leis an bhfiocreideamh. A Thiarna, éist linn.
2. Go líonfar gach teaghlach le grá Dé agus le h-omós do Íosa Críost. A Thiarna, éist linn.
3. Go dté do ghrá go smíor ionainn go dtabharfaidh muid cúram do gach créatúr a chruthaíonn tú ón duine is lú go dtí an duine is mó, ón leanbh go dtí an duine atá in aois. A Thiarna, éist linn.
4. Tabhair grá agus grásta dóibh siúd nach bhfanann in Íosa Críost go bhfeice siad go soiléir an rúndiamhair a léiríonn tú os comhair a súile agus go dtiontaí siad a naigheanna i do threo. A Thiarna, éist linn.
5. Rug Muire, Máthair Íosa, an toradh is mó riamh, a Mac. Go bhfana gach máthair dílis dá bpáistí agus go bhfeice siad glóir Dé ag lonrú as a súile. A Thiarna, éist linn.

Tugadh glóir don Athair sa mhéid go dtugann muid tortha mór uainn agus go mbeidh muid inár ndeiceabail ag Íosa Críost, ár dTiarna. Áiméan.

### Intro Ár nAthair

Dúirt Íosa 'Mise an Fhíúin fhíor agus is é m'Athair an saothraí'. Guimís anois chuig an Saothraí, ár nAthair, go ndéantar a thoil ar an dtalamh.

### Focal Scoir

A Thiarna mhilis céad míle fáilte, a Mhic Mhuire, gráim thú. Cé hé mise ar chóir dom teacht chugat? A Rí Neimhe, déan cúinne beag dom.

\*\*\*

# Resources

## Sunday, 1 April 2018

### SEEING YOUR LIFE THROUGH THE LENS OF THE GOSPELS

John 20:1-9

In some ways this gospel is a difficult one for prayer. It only presents a part of the story and the full unfolding of the good news the story contains lies in the next part of the text. However, even with this section there is plenty of material for reflection and for prayer.

1. The disciples are in a state of shock and suffering from a traumatic loss. Jesus, the one in whom they had placed so much hope, has been murdered and buried. Then, before they have time to recover, comes another shock – the body of Jesus is missing. Have you had experiences in which one tragedy or crisis follows quickly after another? What was that like for you? How did you cope? What, or who, sustained you then?
2. Mary and Peter, and possibly others, came and discovered that the tomb was empty. The part of the story we have in this text gives no explanations of what has happened. They are left in a state of bewilderment 'for as yet they did not understand the scripture, that he must rise from the dead.' Have you been in that kind of a situation, faced with events you cannot explain, possibly events which have dashed your hopes in another person, or in God? What has that been like for you?
3. Yet in spite of the lack of explanation, the beloved disciple 'saw and believed'. Have there been times when others have done something that you could not understand, and which they could not explain at the time and yet you believed that all was not as it seemed; times when you decided to trust in spite of the evidence? Have there been times when others have shown this kind of faith in you when you were not able to offer satisfactory explanations, and all you could say was 'trust me'? Have there been times in your relationship with God when you have felt that you were faced with an empty tomb and still you believed? Where have you found life in such experiences?

John Byrne OSA

Email [jpb Byrneosa@gmail.com](mailto:jpb Byrneosa@gmail.com)

\*\*\*

*Musings between now and the World Meeting of Families are kindly being provided by Brenda Drumm of WMOF2018.*

### MUSINGS: Be a person who sings life!

Be people who sing life, who sing faith. This is important: don't just recite the Credo, recite faith, know faith, but sing faith! That's it. Tell faith, live faith with joy, and this is called 'singing faith'. And it's not me saying it! Saint Augustine said it 1600 years ago: 'sing faith!'

Pope Francis, Address, 3 May 2014

\*\*\*